II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2021/1404 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Meitheamh 2021

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i dteannta Airteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Nollaig 2008, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún tús a chur le hidirbheartaíocht le Poblacht na Túinéise maidir leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile (dá ngairtear "an Comhaontú") anseo feasta. Tugadh an idirbheartaíocht i gcrích go rathúil trí inisealacha a chur leis an gComhaontú an 11 Nollaig 2017.

(2) Ní dhéanfadh síniú an Chomhaontaithe thar ceann an Aontais difear do leithdháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit. Níor cheart an Cinneadh seo a léirmhíniú ar bhealach go mbaineann sé leas as an bhféidearthacht atá ann go bhfeidhmeoidh an tAontas a inniúlacht sheachtrach i ndáil le réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú a thagann faoi inniúlacht roinnte a mhéid nár fheidhmigh an tAontas an inniúlacht sin go hinmheánach go fóill.

(3) Ba cheart an Comhaontú a shíniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear leis seo, thar ceann an Aontais, an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile, a shíniú, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin ([1]).

Airteagal 2

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine nó na daoine a ainmniú a dtugtar de chumhacht dó nó dóibh an Comhaontú a shíniú, thar ceann an Aontais.

([1]) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gCinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 28 Meitheamh 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. do C. ANTUNES